Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Feabhra 2023
(OR. en)

5536/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0011(NLE)**

**ECOFIN 57**
**FIN 63**
**UEM 22**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ghearmáin a fhormheas |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 ón gComhairle maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ghearmáin a fhormheas**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 21(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis don Ghearmáin an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ('RRP') a thíolacadh an 28 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021')[1].

(2) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, ba cheart an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha ó gach Ballstát a thabhairt cothrom le dáta faoin 30 Meitheamh 2022 i gcomhréir leis an modheolaíocht dá bhforáiltear ann. An 30 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún torthaí an nuashonraithe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

(3) An 9 Nollaig 2022, chuir an Ghearmáin iarraidh réasúnaithe chuig an gCoimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, inar measadh nach féidir RRP a bhaint amach a thuilleadh go páirteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, thíolaic an Ghearmáin RRP leasaithe.

---

**1** Féach doiciméid ST 10158/21 agus ST 10158/21 ADD 1 ar http://register.consilium.europa.eu.

(4) An RRP leasaithe a chuir an Ghearmáin isteach, déanann sé difear do dhá bheart. An chéad bheart, déanann sé difear d'infheistíocht 2.2.4 'Digiteáil na n-iarnród a chur chun cinn trí ionadú a dhéanamh ar ghnáthchláir chomhghlasála/chláir mhearghnímh chun dlús a chur le leathadh amach 'Iarnród Digiteach na Gearmáine' (SLP)' faoi Chomhchuid 2.2 'Digiteáil an Gheilleagair' agus an sprioc faoi uimhir sheicheamhach 72. An dara beart, déanann sé difear d'infheistíocht 5.1.3 Clár speisialta chun dlús a chur le taighde agus forbairt vacsaíní i gcoinne SARS-CoV-2 a bhfuil géarghá leo faoi Chomhchuid 5.1 Córas cúraim sláinte atá athléimneach ó thaobh Paindéime de a neartú agus spriocanna faoi uimhreacha seicheamhacha 105 agus 106.

(5) Is é atá in Infheistíocht 2.2.4 seacht dtreoirthionscadal a chistiú, arb é is aidhm dóibh réitigh a fhorbairt chun na córais slándála digití is déanaí a chur in ionad na seanbhothán comharthaí iarnród agus na gcóras cosanta le haghaidh crosairí comhréidhe. Leis an RRP leasaithe a chuir an Ghearmáin isteach, athraítear an amlíne cur chun feidhme atá beartaithe le haghaidh ceann amháin de na seacht dtionscadal, SLP Ansbach, i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Mhínigh an Ghearmáin toisc moilleanna eisceachtúla a tharla le linn na tógála nach féidir an sprioc faoi uimhir sheicheamhach 72 a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh laistigh den amlíne atá beartaithe. Baineann na moilleanna sin le héilleáin ceilte a aimsíodh sa talamh, agus ina dhiaidh sin le buamaí agus armlón a aimsíodh, rud a d'fhág go raibh gá an teicneolaíocht tógála a athrú, agus ar deireadh leis na teochtaí an-ard a bhí ann sa samhradh in 2022 agus chuir na nithe sin bac ar oibreacha a bhí gar do na rianta agus faoina mbun. Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghearmáin go mbaintear tionscadal SLP Ansbach den sprioc faoi uimhir sheicheamhach 72, tionscadal a measadh a bheidh curtha i gcrích sa cheathrú ráithe de 2021, agus in ionad sin, go gcuirtear sprioc nua 72A ar aghaidh, sprioc a mheastar a bheidh curtha i gcrích faoi dheireadh na chéad ráithe de 2023, chun críocha an tionscadal sin a chur chun feidhme.

(6) Is iad atá i gcuspóirí infheistíochta 5.1.3 tacú le taighde agus forbairt vacsaíní i gcoinne SARS-CoV-2 chun déine agus fad na paindéime a laghdú. Is é atá san infheistíocht tacaíocht airgeadais do mhonaróirí vacsaíní na Gearmáine chun a n-acmhainneacht forbartha agus táirgeachta a mhéadú, agus chun líon na n-othar le haghaidh céimeanna trialach cliniciúla a mhéadú. Leis an RRP leasaithe a chuir an Ghearmáin isteach, modhnaítear na spriocanna a bhaineann le cur chun feidhme an bhirt i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Shoiléirigh an Ghearmáin maidir leis na monaróirí a bhí rannpháirteach faoin gclár tacaíochta speisialta, gur éirigh le ceann amháin as gach trí mhonaróir acu taighde agus cur i bhfeidhm céimneach a dhéanamh ar an vacsaín, ach maidir leis an dá mhonaróir rannpháirteacha eile, níor chuir siad iarratas ar fhormheas a vacsaíne faoi seach faoi bhráid na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí. Mar thoradh ar sin, ní fhéadfaí an sprioc faoi uimhir sheicheamhach 105 a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh. Thairis sin, mhínigh an Ghearmáin, cé go bhfuair trí chuideachta cistiú faoin gclár, gur tharraing monaróir vacsaíní amháin siar ón bpróiseas formheasa de chuid na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaigh agus go raibh moilleanna sonracha ar mhonaróir eile garspriocanna sainithe a bhaint amach a bhí nasctha le céimeanna forbartha vacsaíne (amhail céim na dtrialacha cliniciúla ar leith a fhormheas nó an vacsaín a údarú) agus nár chuir sé iarratas isteach ar fhormheas ach oiread. Luaigh an Ghearmáin freisin maidir le heisíocaíocht an chláir dar luach níos mó ná EUR 591 281 160, nach féidir é sin a bhaint amach, rud a fhágann nach bhféadfaí sprioc faoi uimhir sheicheamhach 106 a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh. Ar an mbonn sin, d'iarr an Ghearmáin an sprioc faoi uimhir sheicheamhach 105 a scriosadh, sprioc lenar ceanglaíodh go ndéanfadh an dara rannpháirtí faoin gclár taighde speisialta iarratas ar fhormheas vacsaíne i gcoinne SARS-CoV-2 a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí. D'iarr an Ghearmáin freisin go modhnaítear an sprioc faoi uimhir sheicheamhach 106 agus go laghdaítear an méid iomlán a leithdháileadh ar an mbeart ó EUR 750 000 000 go EUR 591 000 000, agus go ndéantar athbhreithniú freisin ar an sprioc eisíocaíochta lena mbaineann chun í a ísliú.

Cuirtear an tsuim sin de EUR 591 000 000 san áireamh mar chostas measta foriomlán an bhirt. Ba cheart costais iomlána mheasta laghdaithe an RRP a chur san áireamh chun an ranníocaíocht airgeadais a chinneadh, i gcomhréir le hAirteagal 20(4) de Rialachán (AE) 2021/241.

(7) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an nGearmáin, go bhfuil údar maith le leasú a dhéanamh de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an RRP leasaithe, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

(8) Ní dhéanann an mionmhodhnú a chuir an Ghearmáin chun cinn difear d'ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht ná comhleanúnachas an RRP.

(9) Maidir leis na critéir mheasúnaithe, go háirithe iad siúd a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b) (c), (d), (e), (f), (g), (h), (i), (j) agus (k) de Rialachán (AE) 2021/241, comhlíontar iad i gcónaí, i bhfianaise chineál spriocdhírithe na modhnuithe a chuir an Ghearmáin ar aghaidh, nach mbaineann ach le modhnú páirteach ar dhá bheart. Thairis an leasú spriocdhírithe sin, dhearbhaigh an Ghearmáin i scríbhinn don Choimisiún go raibh sé ar intinn aici nuashonrú cuimsitheach ar an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 in earrach 2023, lena dtugtar aghaidh ar gach dúshlán nó ar fhothacar suntasach de dhúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, dúshláin atá i gcomhréir leis an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha atá ar fáil don Ghearmáin faoi Rialachán (AE) 2021/241 amhail ón 30 Meitheamh 2022.

(10) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiúin maidir le RRP leasaithe na Gearmáine leis an gcinneadh go gcomhlíonann an RRP na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart a leagan amach sa Chinneadh seo na leasuithe ar na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an RRP leasaithe a chur san áireamh.

(11) Is é EUR 26 3 59 833 613 méid chostais iomlán measta RRP leasaithe na Gearmáine[1]. Ós rud é go gcomhlíonann an RRP leasaithe na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241 agus, ina theannta sin, ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta RRP níos ísle ná an ranníocaíocht uasta airgeadais atá ar fáil i gcás na Gearmáine, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais a leithdháiltear le haghaidh RRP na Gearmáine a bheith comhionann le costais iomlán measta RRP.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

1 Chuir an Ghearmáin isteach dhá meastacháin ar chostais. In oll-luach an RRP leasaithe de EUR 27 790 882 000 áirítear CBL le haghaidh roinnt beart, agus i nglanluach de EUR 26 359 833 613 ar a laghad, ní áirítear CBL.

*Airteagal 1*

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ghearmáin a fhormheas , leasaítear é mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*
*Measúnú ar RRP a fhormheas*

Formheastar an measúnú ar RRP leasaithe na Gearmáine a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin RRP, na socruithe agus an tráthchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an RRP agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil don Ghearmáin i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha arb ionann í agus EUR 26 359 833 613*. Beidh méid EUR 16 291 323 631 ar fáil lena ghealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022. Beidh méid breise EUR 10 068 509 982 ar fáil lena ghealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

2. Cuirfidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar fáil don Ghearmáin i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Féadfaidh an Coimisiún na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an chistithe.

______________________

* Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Gearmáine de speansais dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 11 den Rialachán sin.’;

(3) leasaítear an Iarscríbhinn mar a leanas:

(a) Roinn 1: Leasaítear Athchóirithe agus Infheistíochtaí faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta, pointe 1. Tuairisc ar athchóirithe agus infheistíochtaí mar a leanas:

(i) i roinn E. Comhchuid 2.2: Digiteáil an Gheilleagair, E.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, 2.2.4 Infheistíocht: Digiteáil an iarnróid a chur chun cinn trí ionadú a dhéanamh ar ghnáthchláir chomhghlasála/chláir mhearghnímh chun dlús a chur le leathadh amach 'Iarnród Digiteach na Gearmáine' (SLP), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ceathrú mír: 'Cuirfear cur chun feidhme na hinfheistíochta i gcrích faoin 31 Márta 2023.';

(ii) i roinn E. Comhchuid 2.2: Digiteáil an Gheilleagair, E.2. Clocha míle, spriocanna, táscairí agus tráthchlár maidir le faireachán agus cur chun feidhme i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró 72:

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘72 | 2.2.4 Digiteáil na n-iarnród a chur chun cinn trí ionadú a dhéanamh ar ghnáthchláir chomhghlasála/chláir mhearghnímh chun dlús a chur le leathadh amach ‘Iarnród Digiteach na Gearmáine’ | Sprioc | Treoirthionscadail a chur i gcrích go rathúil | - | Líon na dtreoirthionscadal a cuireadh i gcrích | 0 | 6 | Q4 | 2021 | Tá sé threoirthionscadal de chuid an chláir curtha i gcrích go rathúil, arb é is aidhm dóibh réitigh a fhorbairt chun na córais shlándála dhigití is déanaí a chur in ionad na seanbhothán comharthaí iarnróid agus na gcóras cosanta le haghaidh crosairí comhréidhe, le bailíochtú faoi dhálaí oibríochtúla i gcás trí cinn díobh ar a laghad, agus bailíochtú faoi dhálaí saotharlainne i gcás na gceann eile.’; |

(iii) i roinn E. Comhchuid 2.2: Digiteáil an Gheilleagair, E.2. Clocha míle, spriocanna, táscairí agus tráthchlár maidir le faireachán agus cur chun feidhme i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, tar éis ró 72, cuirtear isteach an ró nua 72A seo a leanas:

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘72A | 2.2.4 Digiteáil na n-iarnród a chur chun cinn trí ionadú a dhéanamh ar ghnáthchláir chomhghlasála/chláir mhearghnímh chun dlús a chur le leathadh amach ‘Iarnród Digiteach na Gearmáine’ | Sprioc | An treoirthionscadal deiridh a thabhairt chun críche go rathúil | - | Líon na dtreoirthionscadal a cuireadh i gcrích | 6 | 7 | Q1 | 2023 | Cuireadh treoirthionscadal deiridh an chláir i gcrích go rathúil le bailíochtú faoi dhálaí oibríochtúla.’; |

(iv) i roinn H. Comhchuid 5.1 Córas cúraim sláinte atá athléimneach ó thaobh Paindéime de a neartú, H.2 Clocha míle, spriocanna, táscairí agus tráthchlár maidir le faireachán agus cur chun feidhme i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, scriostar ró 105.

(v) i roinn H. Comhchuid 5.1 Córas cúraim sláinte atá athléimneach ó thaobh Paindéime de a neartú, H.2 Clocha míle, spriocanna, táscairí agus tráthchlár maidir le faireachán agus cur chun feidhme i dtaca le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró 106:

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘106 | 5.1.3 Clár speisialta chun dlús a chur le taighde agus forbairt vacsaíní i gcoinne SARS-CoV-2 a bhfuil géarghá leo | Sprioc | EUR 561 450 000 ar a laghad a eisíoc ar thaighde vacsaíní a fhaigheann tacaíocht ón gclár speisialta seo | - | EUR milliúin | 0 | 561,45 | Q3 | 2022 | As an EUR 591 000 000 a leithdháileadh ar an mbeart, eisíocadh EUR 561 450 000 ar a laghad (95 % den chistiú iomlán) leis na tairbhithe le haghaidh taighde ar vacsaíní.’; |

(vi) sa phointe maidir le ‘Costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta’, an abairt ‘Is é EUR 26 518 833 613, costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine, méid atá níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais.’, cuirtear an méid seo a leanas ina hionad sin: ‘Is é EUR 26 359 833 613 méid chostais iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine.’;

(b) leasaítear Roinn 2, Tacaíocht Airgeadais, pointe 1. Ranníocaíocht airgeadais mar a leanas:

(i) i bpointe 1.1 An Chéad Thráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha), scriostar ró 105;

(ii) i bpointe 1.1 An Chéad Thráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha), in ionad mhéid na tráthchoda 'EUR 4 500 328 548' sa ró deiridh agus sa cholún deiridh, cuirtear 'EUR 4 344 763 676';

(iii) i bpointe 1.2 An Dara Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha), cuirtear an ró nua seo a leanas isteach i ndiaidh ró 63:

| | | | |
|---|---|---|---|
| '72A | 2.2.4 Digiteáil na n-iarnród a chur chun cinn trí ionadú a dhéanamh ar ghnáthchláir chomhghlasála/chláir mhearghnímh chun dlús a chur le leathadh amach 'Iarnród Digiteach na Gearmáine' | Sprioc | An tionscadal deiridh a thabhairt chun críche go rathúil'; |

(iv) i bpointe 1.2 An Dara Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha), cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró 106:

| | | | |
|---|---|---|---|
| ‘106 | 5.1.3 Clár speisialta chun dlús a chur le taighde agus forbairt vacsaíní i gcoinne SARS-CoV-2 a bhfuil géarghá leo | Sprioc | EUR 561 450 000 ar a laghad a eisíoc ar thaighde vacsaíní a fhaigheann tacaíocht ón gclár speisialta seo’; |

(v) i bpointe 1.2 An Dara Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha), in ionad mhéid na tráthchoda ‘EUR 7 284 486 130’ sa ró deiridh agus sa cholún deiridh, cuirtear ‘EUR 7 531 239 794’;

(vi) i bpointe 1.3 An Tríú Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha), in ionad mhéid na tráthchoda ‘EUR 6 639 217 950’ sa ró deiridh agus sa cholún deiridh, cuirtear ‘EUR 6 857 606 743’;

(vii) i bpointe 1.4 An Ceathrú Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha), in ionad mhéid na tráthchoda 'EUR 3 480 124 348' sa ró deiridh agus sa cholún deiridh, cuirtear 'EUR 3 698 513 141';

(viii) i bpointe 1.5 An Cúigiú Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha), in ionad mhéid na tráthchoda 'EUR 3 709 321 467' sa ró deiridh agus sa cholún deiridh, cuirtear 'EUR 3 927 710 259'.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht Chónaidhme na Gearmáine.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*